2024/2387

10.9.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2387 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Meán Fómhair 2024

maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le táirgí leasacháin AE a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 13(2) de Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), déanfar tástálacha ar bhealach iontaofa in-atáirgthe chun comhréireacht táirgí leasacháin AE leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann leis an Rialachán sin a fhíorú. Tástálacha atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe, ar foilsíodh a dtagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil na tástálacha sin iontaofa agus in-atáirgthe a mhéid a chumhdaítear na tástálacha leis na caighdeáin sin.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 612 ([3]), rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1009.

(3) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 612, dhréachtaigh CEN dhá chaighdeáin comhchuibhithe: EN 17816:2023 '*Ábhair aolta - Airí fisiciúla agus ceimiceacha agus éilleáin shonracha a chinneadh*' agus EN 17817:2023 '*Leasacháin, ábhair aolta agus coscairí. Cainníocht a chinneadh (arna dearbhú de réir maise nó toirte)*'.

(4) I gcomhar le CEN, rinne an Coimisiún measúnú ar an dá chaighdeán a dhréachtaigh CEN féachaint ar caighdeáin iad a chomhlíonann an iarraidh a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 612.

(5) Comhlíonann na caighdeáin na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach agus a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/1009. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(6) Is éard a thugtar le fios le caighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis an gceanglas a leagtar amach in Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) 2019/1009 ón dáta a fhoilsítear an tagairt don chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le táirgí AE a chur ar fáil ar an margadh agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1069/2009 agus (CE) Uimh. 1107/2009 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 (IO L 170, 25.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1009/oj.)

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 612 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2020 maidir leis an iarraidh ar chaighdeánú chuig an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú a mhéid a bhaineann le táirgí leasacháin AE chun tacú le Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2019/1009 agus a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, foilsítear leis seo iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimh.	Uimhir thagartha an chaighdeáin
1.	EN 17816:2023 Ábhair aolta - Airí fisiciúla agus ceimiceacha agus éilleáin shonracha a chinneadh
2.	EN 17817:2023 Leasacháin, ábhair aolta agus coscairí. Cainníocht a chinneadh (arna dearbhú de réir maise nó toirte)